# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2023

## CLÁR AN ÁBHAIR


**Brollach an Stiúrthóra** ........ 3

**Ráiteas Misin** ........ 4

**Feidhm an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre** ........ 5

**Éachtaí agus Forbraíochtaí le linn 2023** ........ 8

**Samplaí a Fuarthas sa tSaotharlann le haghaidh Anailíse** ........ 10

**Clár Alcóil: Fuil agus Fual** ........ 19

**Clár Alcóil: Anáil** ........ 22

**Clár Tocsaineolaíochta** ........ 31

**Dearbhú Cáilíochta** ........ 40

**Clár Tástála Inniúlachta** ........ 41

**Eolas Airgeadais & Rialú Corparáideach** ........ 42

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach** ........ 47

**Saoráil Faisnéise** ........ 49

**Soláthar Foirne** ........ 49

**Cairt Eagraíochta MBRS** ........ 50

**Comhdhálacha agus Cúrsaí ar Freastalaíodh orthu in 2023** ........ 51

**Ídiú Fuinnimh** ........ 54

**Séanadh Dlíthiúil** ........ 54

## RÉAMHRÁ AN STIÚRTHÓRA

Is cúis áthais dom an réamhrá seo le Tuarascáil Bhliantúil 2023 an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a scríobh agus cur síos a dhéanamh ar an méid atá déanta agus bainte amach ag an mBiúró ina fheidhmeanna fóiréinseacha maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil ar dtús le Foireann dhíograiseach go léir an Bhiúró as an obair mhór atá déanta acu ar son na seirbhíse poiblí seo i gcaitheamh na bliana.

Déantar cur síos sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí agus torthaí feidhmíochta an Bhiúró don bhliain, agus déantar faisnéis, sonraí agus figiúirí maidir le tiomáint faoi thionchar ábhar meisciúil a chur i dtoll a chéile trí úsáid a bhaint as a bhunachair sonraí den anailís fhóiréinseach go léir a rinneadh le linn na bliana 2023.

Is í an Straitéis um Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030 an croíbheartas náisiúnta i gcónaí maidir le gníomhartha comhtháite chun laghdú a dhéanamh ar líon na mbásanna agus na ngortuithe a tharlaíonn ar bhóithre na hÉireann de dheasca timpistí agus teagmhais ar bhóithre. Is tragóideach an scéal é go bhfuil méadú tagtha arís ar líon na mbásanna de dheasca timpistí bóthair in Éirinn. Bhí 184 bás ar na bóithre sa bhliain 2023 i gcomparáid leis an méadú do-ghlactha go dtí 155 bás sa bhliain 2022. Bíonn ionchur spriocdhírithe ag an mBiúró sa Straitéis sin, ionchur i nGníomh 23 agus 119 maidir leis an gClár um Ghléasanna Comhghlasála Alcóil (tosaíocht don bhliain 2023); i nGníomh 31 maidir le breithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht um pionóis i leith Cionta Tráchta Il-drugaí; agus i nGníomh 163 a bhaineann leis an gclár chun Gléasanna nua um Réamhthástáil in aghaidh Drugaí a sholáthar agus a chur i bhfeidhm (cuireadh i ngníomh é ag deireadh na bliana 2022 nuair a tugadh isteach córas réamhthástála Securetec ®DW6S in aghaidh drugaí agus neartaíodh é sa bhliain 2023, an chéad bhliain iomlán a úsáideadh an córas sin.

Bhí an Biúró ar cheann de na comhpháirtithe sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre ó tháinig an chéad straitéis i bhfeidhm sa bhliain 1998 agus tá sé ar cheann díobh i gcónaí maidir le go leor Gníomhartha eile agus maidir lena cur i bhfeidhm iomlán trí rannpháirtíocht ghníomhach chuiditheach le Bord Comhpháirtíochta na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre agus leis an gCoiste Aireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre. Oibríonn an Biúró go dlúth i gcónaí i gcomhar leis an Roinn Iompair, leis an nGarda Síochána, leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile.

Leagtar amach go mion sa tuarascáil seo déimeagrafaic bhliantúil na dtiománaithe a chuir samplaí ar fáil i gcomhair anailíse. Gabhadh 22 tiománaí trí huaire sa bhliain 2023 as tiomáint faoi thionchar ábhar meisciúil, gabhadh 243 tiománaí faoi dhó agus gabhadh tiománaí amháin seacht n-uaire. Maidir le ceist na n-athchiontóirí agus na gciontóirí ardriosca a thiomáineann faoi thionchar ábhar meisciúil, ní mór dul i ngleic go reachtach leis an gceist fós mar a bhaineann sé leis an bpróiseas ionchúisimh agus le hathshlánú in ionaid leighis freisin d'fhonn Gníomh 23 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre a chomhlíonadh, agus tá an méid seo le cur i gcrích fós ag Grúpa Oibre a bhfuil roinnt comhlachtaí mar chuid de, an Biúró san áireamh.

Fuair an Biúró 5,464 sampla i gcomhair anailís in aghaidh alcóil sa bhliain 2023 (líon ard arís). Fuarthas 3,873 sampla i gcomhair anailís in aghaidh drugaí agus díríodh ar 77 cineál éagsúil drugaí sa phróiseas tástála. Chuir Foireann an Bhiúró go mór le feabhsuithe sa tseirbhís don phobal agus thacaigh siad go mór leis an nGarda Síochána maidir lena sainchúram um Póilíneacht ar Bhóithre. Tháinig laghdú, le linn na bliana 2023, ar an méid ama a thógann sé chun anailís in aghaidh drugaí a dhéanamh agus ba chóir go mbeadh sé níos fusa cosc tiomána a chur níos tapúla ar thiománaithe contúirteacha dá bharr sin. Rinneadh Tástáil Fhianaiseach Anála in aghaidh Alcóil 3,734 uair i stáisiúin na nGardaí ar fud na tíre.

Baineadh éacht mór amach sa bhliain 2023 maidir le Gníomh 119 leis an gclár um measúnú eolaíoch ar Ghléasanna Comhghlasála Adhainte Alcóil. Tá sé beartaithe go gcuirfear críoch leis an bpróiseas faofa do roinnt gléasanna sa bhliain 2024. Agus an córas seo i bhfearas i mótarfheithicil, ní bheidh an tiománaí in ann an fheithicil sin a thosú sa chás go bhfuair sé toradh deimhneach ar a thástáil in aghaidh alcóil, agus tá siad in úsáid cheana féin ar bhonn deonach i roinnt flíteanna bus agus trucailí sa tír. D'fhéadfadh sé seo a bheith ar cheann de na forbairtí is suntasaí i réimse na sábháilteachta ar bhóithre le blianta fada nuair a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn reachtúil é mar go mbíonn baint ag alcól le thart ar 30% de thimpistí bóthair.

Is é an t-alcól an t-ábhar meisciúil is mó a bhraitear i dtiománaithe. Ba é 153mg/100ml an meánleibhéal alcóil san fhuil agus ba é 196mg/100ml an meánleibhéal alcóil san fhual nuair a bhí samplaí nach raibh aon alcól iontu curtha as san áireamh. Is beag an t-athrú atá tagtha ar na figiúirí seo le 10 mbliana anuas, faraor. Baineann contúirt shuntasach i gcónaí le tiomáint faoi thionchar ábhar meisciúil ar bhóithre na hÉireann agus bíonn go leor tiománaithe ag tiomáint agus iad i bhfad thar an teorainn dhlíthiúil atá socruithe do chatagóirí ar leith tiománaithe (tiománaí faoi oiliúint, tiománaí nuacheadúnaithe, tiománaí gairmiúil nó tiománaí feithiclí troma).

Maidir le drugaí meisciúla seachas an t-alcól, ba iad cannabas, cócaon agus beinsidhé-asaipíní na trí dhruga ba choitianta a braitheadh sa bhliain 2023. Ba é 6.3ng/ml an meánleibhéal cannabais a fuarthas i samplaí agus ba é 58.2ng/ml an meánleibhéal aigéad THC cannabais a fuarthas iontu. Ba é 60.5ng/ml an meánleibhéal cócaoin agus ba é 1032.9ng/ml an meánleibhéal beansóileacgainín. Tá na leibhéil seo i bhfad thar na teorainneacha dlíthiúla, rud a léiríonn na leibhéil arda a fuarthas i dtiománaithe faoi thionchar drugaí meisciúla, agus bíonn baint mhór aige seo le timpistí bóthair, díreach mar a bhíonn ag tiománaithe faoi thionchar alcóil.

Is den ríthábhacht é go ndéanann na Gardaí ábhair mheisciúla a bhrath agus na dlíthe a bhaineann leis sin a fhorfheidhmiú chun an chontúirt mhór seo ar na bóithre a laghdú, agus is cuid bhunriachtanach den dualgas poiblí seo go ndéanann an Biúró fearais eolaíochta a thástáil, a fhaomhadh agus a sholáthar do na Gardaí. Is cúis mhór imní fós é go mbraitear meascán de dhrugaí éagsúla agus meascán de dhrugaí agus alcól go minic. Braitear drugaí nua i gcónaí i dtiománaithe faoi thionchar ábhar meisciúil agus déanann an Biúró gach dícheall coinneáil suas le drugaí nua meisciúla de réir mar a bhraitear i dtiománaithe iad agus déanann sé gach dícheall coinneáil suas leis an teicneolaíocht a chuirfidh le cumas na nGardaí lagú cumas na dtiománaithe agus ábhair mheisciúla iontu a bhrath.

D'fhreastail Stiúrthóir agus Foireann an Bhiúró ar chúrsaí agus comhdhálacha arís i rith na bliana 2023 d'fhonn oideachas leanúnach a chur orthu féin agus chun go mbeidís in ann cur le feidhmeanna sainchomhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le tástáil fhóiréinseach eolaíoch maidir le tiomáint faoi thionchar ábhar meisciúil.

Mar sin, d'éirigh leis an mBiúró go leor a dhéanamh sa bhliain 2023. Leanfaidh sé leis an obair fhónta leanúnach shaineolach seo chun bearta sábháilteachta ar bhóithre a fheabhsú agus chun tacú leis na bearta sin, go háirithe i réimse na tiomána faoi thionchar ábhar meisciúil agus i réimse na ngnéithe leighis a bhaineann le tiomáint shábháilte shláintiúil ar mhaithe le gach úsáideoir bóthair i rith na bliana 2024. Áireofar leis sin an réamhullmhúchán do Phlean Gníomhaíochta Chéim 2 do na blianta 2025-2027 atá mar chuid den Straitéis náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030, agus tá an méid seo mar chuid d'Fhís a Náid, fís a bhaineann le deireadh a chur le básanna agus drochghortuithe ar bhóithre faoin mbliain 2050.

An tOllamh Denis A. Cusack
Stiúrthóir.

## MISEAN

Seirbhís náisiúnta fhóiréinseach ar ardchaighdeán a sholáthar i mbrath alcóil agus drugaí (ábhar meisciúil) chun tacú le hoibriú éifeachtach na reachtaíochta um thrácht ar bhóithre agus rannchuidiú le bearta sábháilteachta iompair agus oiriúnachta leighis chun tiomáint.

## FÍS

Seirbhís náisiúnta fhóiréinseach den chaighdeán is airde a sholáthar in anailís alcóil agus drugaí (ábhar meisciúil) chun tacú le Sábháilteacht ar Bhóithre

## LUACHAN

* Ionracas
* Gairmiúlacht
* Comhar
* Rannpháirtíocht
* Sármhaitheas Seirbhíse

## FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Is ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá an fhreagracht maidir le tástáil cheimiceach a dhéanamh ar ábhair mheisciúla sa tiomáint in Éirinn, atá mar chomhlacht corparáideach bunaithe ag an Aire Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 1968 faoi Chuid V d'Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968.

Athraíodh teideal an Aire go dtí an tAire Comhshaoil & Rialtais Áitiúil ar an 22 Iúil 1997. I mí an Mheithimh 2002, tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi sciath chosanta an Aire Iompair faoin Ordú, Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú, 2002.

Ón mbliain 2011 go dtí mí Mheán Fómhair 2020, tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoin Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre anois faoi chúram na Roinne Iompair.

Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 - 2016.



Nuair a bunaíodh an Biúró sa bhliain 1968 thosaigh sé ag feidhmiú le haghaidh Tástáil Alcóil ar Thaobh an Bhóthair, Anailís Alcóil san Fhuil agus san Fhual, Eisiúint Teastas agus soláthar trealaimh le samplaí a thógáil (fearais).

Tá neart athruithe reachtaíochta tarlaithe mar shampla, an tástáil fhianaiseach alcóil san anáil (EBT) agus an tiomáint faoi thionchar drugaí (DUID), samplaí curtha ar fáil in ospidéil, samplaí tógtha ó thiománaithe a raibh tuairt acu agus tástáil éigeantach ar ábhar meisciúil lena n-áireofar Réamhthástáil Alcóil san Anáil (PBT) agus Réamhthástáil Drugaí (PDT). Eisíonn an Biúró teastais faoi alt 17 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 (arna leasú 2016), agus dlús an alcóil san fhuil agus san fhual á dheimhniú, méid de dhruga nó de dhrugaí san fhuil nó san fhual á dheimhniú agus dlús druga nó drugaí san fhuil á dheimhniú.

De réir an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2018, gearrfar pionós níos dhéine ar thiománaithe a bhfuil leibhéal alcóil idir 50mg/100ml agus 80mg/100ml ina gcuid fola acu agus an leibhéal comhionainn in gcuid fuail nó ina gcuid anála, a thugann le fios go mbíonn tionchar ar méid beag alcóil ar an tiomáint.

De réir Ionstraim Reachtaíochta 385 de 2020, ceadaíodh teastais a eisiúint faoi Alt 17 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 maidir le drugaí áirithe a bheith ann, seachas an cineál druga amháin. Eisítear dlús na ndrugaí sin a liostáladh le teorainneacha *per se* faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 ar an teastas céanna nuair is cuí. Tá cuíchóiriú déanta aige seo ar an bpróiseas tuairiscithe agus cuireann sé níos mó eolais ar fáil don Tiománaí, Don Gharda Síochána agus don Chúirt.

Le linn 2023, dhírigh an Biúró ar a fhreagrachtaí dlíthiúla mar a leagtar amach sna Achtanna um Thrácht ar Bhóithre (RTA) agus a bheith ina cheannaire maidir le go leor Gníomhartha i Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais 2021-2030 agus ról comhoibríoch á ghlacadh aige i ngníomhartha eile faoi cheannas an RSA.

Feidhmíonn an Biúró d'fhonn na feidhmeanna idirnasctha thíos a chomhlíonadh.

- Anailís ar Alcóil san Fhuil agus san Fhual
- Anailís ar Alcól san Anáil
- Anailís ar Dhrugaí san Fhuil agus san Fhual
- Tástáil Drugaí Sreabhán Béil
- Taighde – Tiomáint faoi thionchar<br>Teicneolaíochtaí Nua maidir le hÁbhair Mheisciúla
- Comhghlasálacha Adhainte Alcóil a Fhaomhadh agus a Thástáil
- Gnóthaí Corparáideacha agus Airgeadais
- Dearbhú Cáilíochta
- Sábháilteacht ar Bhóithre

Fanann an Biúró cothrom le dáta maidir le cúrsaí teicneolaíochta agus bíonn na modhanna anailíse is fearr in úsáid acu. Tá sé tar éis coinneáil suas leis an nuálaíocht i dtéarmaí ionstraimíochta i réimse braite an alcóil agus drugaí sa tsaotharlann agus lasmuigh den tsaotharlann - ar thaobh an bhóthair agus i stáisiúin na nGardaí.

Cuireann an Biúró seirbhís ar fáil don Roinn Iompair, do na Cúirteanna, don Gharda Síochána, do Údarás Eitlíochta na hÉireann, don chosaint, don ionchúiseamh agus don phobal.

Braitheann an rath leanúnach a bhíonn ar fheidhmíocht an Bhiúró ar an infheistíocht i gcúrsaí oiliúna don fhoireann agus i bhforbairt scileanna. Tá an Stiúrthóir freagrach as reáchtáil laethúil an Bhiúró i ngach ceann dá fheidhmeanna Reachtúla faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 2010 agus 2016 agus tá an Príomh-Anailísí freagrach as reáchtáil laethúil na saotharlann agus a gclár. Is é an Riarthóir Sinsearach atá freagrach as an gclár Corparáideach/Airgeadais agus as cúrsaí riaracháin ginearálta laistigh den Bhiúró.

# ÉACHTAÍ & FORBRAÍOCHTAÍ LE LINN 2023

## Réamhthástáil Drugaí

Ba í 2023 an chéad bhliain iomlán a bhain an Garda Síochána úsáid as an Securetec DrugWipe 6S chun sreabhán béil tiománaithe a thástáil le haghaidh cúig chineál drugaí. Cuireann an Securetec DrugWipe 6S modh áisiúil ar fáil do Ghardaí chun tiománaithe a scagadh, agus ní chuireann sé isteach ar an tiománaí. Tugtar tiománaithe atá dearfach maidir le glacadh drugaí ar thaobh an bhóthair go stáisiún an Gharda chun go dtógfar sampla fola lena thástáil sa tsaotharlann.

## Réamh-Scagthástáil Saotharlainne Drugaí

Bíonn Réamh-Scagthástáil Drugaí ar siúl i gcónaí ag an mBiúró agus úsáid á baint as LC-MS-MS le haghaidh anailís na ndrugaí. Scrúdaíodh gach sampla a raibh leibhéal alcóil níos lú ná 100mg/100ml fola nó a choibhéis ann le haghaidh láithreacht drugaí. Is fusa an druga ar leith nó na drugaí a aithint ag an gcéim thosaigh seo agus an modh scagthástála LC-MS-MS in úsáid. Tá an modh tástála seo uathoibrithe go pointe. Cuireann sé seo leis na héifeachtúlachtaí leanúnacha sa tsaotharlann tástála drugaí. Ba cheart go dtiocfadh tuilleadh feabhsuithe dá bharr ar na hamanna slánúcháin le haghaidh Deimhnithe Drugaí a eisiúint.

## Tástáil Deimhniúcháin Saotharlainne Drugaí

Cuireadh na samplaí ar fad a raibh toradh dearfach acu i leith druga amháin nó drugaí i ndiaidh na scagthástála ar aghaidh le haghaidh anailíse deimhniúcháin. I mí Iúil 2021 chuir an tsaotharlann teorainn le tástáil drugaí chun aon druga amháin in aghaidh an tsampla a dhearbhú. Leanadh leis an sceideal tástála seo i rith 2023, rud a chinntigh gur coinníodh amanna slánúcháin laistigh d’amanna réasúnta. Tosaítear ar thástáil dheimhnitheach iomlán do shamplaí a fuarthas ó Eanáir 2024. Ba léir i roinnt mhaith cásanna go raibh níos mó ná druga amháin i láthair ón scagthástáil. Deimhníonn an Biúró go bhfuil drugaí i láthair agus deimhníonn dlús na ndrugaí sin atá luaite go sonrach i Sceideal 2 d’Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016. Déantar an tástáil drugaí saotharlainne ar fad i saoráid an Bhiúró i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

## Réamhthástáil Alcóil san Anáil

Cuirtear gaireas Réamhthástála Anála (PBT) ar fáil don Gharda Síochána le húsáid ar thaobh an bhóthair le tástálacha a dhéanamh ar anáil tiománaithe le féachaint an bhfuil alcól i láthair. Déanann an Biúró na gléasanna seo a chalabrú dhá uair in aghaidh na bliana agus tá thart ar 1,400 acu ar fáil d’úsáid an fhórsa i gcónaí. Soláthraíonn an Biúró gléasanna tástála anála freisin d'Údarás Eitlíochta na hÉireann chun tástáil le haghaidh alcóil a dhéanamh ar chriú cábáin ar thaobh an aeir.

## Comhghlasáil Adhainte Alcóil

Faoi Ghníomh 119 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 tá an Biúró tar éis tabhairt faoi fhaomhadh Comhghlasálacha Adhainte Alcóil. Tá sé cruthaithe gur Beart luachmhar um Shábháilteacht ar Bhóithre é úsáid na ngaireas seo i ndlínsí eile. Braitheann a n-úsáid i gclár ciontóirí ar go leor fachtóirí agus is ábhar é don ghrúpa oibre a bunaíodh faoi Ghníomh 23 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030. Tá úsáid chomhghlásalacha adhainte alcóil i bhfeidhm cheana féin i roinnt flíteanna busanna agus trucailí agus tá méadú ag teacht ar aitheantas a luacha.

## Tástáil Fhianaiseach Alcóil san Anáil

Déantar tástáil ar uirlisí um Thástáil Fhianaiseach Anála (EBT) dhá uair in aghaidh na bliana. Choimeád an Biúró 87 uirlis um thástáil fhianaiseach alcóil san anáil i stáisiúin na nGardaí ar fud na tíre.

## Dearbhú Cáilíochta

I ndiaidh iniúchadh de chuid INAB (Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú) go luath sa bhliain 2023, coimeádadh creidiúnú ISO 17025. Críochnaíodh sceideal fairsing iniúchtaí inmheánacha a chlúdaigh gach gné den chaighdeán in 2023. Cuirtear oiliúint ar fhormhór na foirne eolaíochta mar iniúchóirí agus tá ardleibhéal dearbhaithe cáilíochta agus comhlíonta mar chuid lárnach de chalabrú agus de thástáil a dhéantar sa Bhiúró. Cheadaigh raon feidhme solúbtha an Bhiúró feabhsuithe modhanna a chur leis an raon feidhme gan stró. Cuireadh Caiséad Tástála Sreabhán Béil Securetec DrugWipe 6S leis an raon feidhme.

## Sláinte, Leas agus Sábháilteacht

Tá an Biúró tiomanta do thimpeallacht shábháilte a chur ar fáil do na fostaithe ar fad, d'innealtóirí a bhíonn ar cuairt, do Ghardaí agus do dhaoine eile. Rinneadh athbhreithniú ar Ráiteas Sábháilteachta an Bhiúró agus rinne monatóirí sábháilteachta na caighdeáin shábháilteachta ab airde a mheas agus a choimeád. Cloítear le Bunráiteas Sábháilteachta Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá teacht ag foireann an Bhiúró ar réimse iomlán na dtairiscintí sláinte agus folláine a chuirtear ar fáil don Ollscoil. Níor tharla timpistí ná eachtraí ar bith i rith na bliana a bhféadfaí tuairisc a thabhairt orthu.

## Roinnt Eolais agus Forbairt

Lean an Biúró d'oiliúint a chur ar an nGarda i rith 2023. Lean foireann an Bhiúró agus an Stiúrthóir de chuir i láthair a dhéanamh ag roinnt cruinnithe i rith na bliana. Tá eolaithe an Bhiúró mar bhaill de choistí náisiúnta agus idirnáisiúnta caighdeán agus roinnt eolais agus ar ghrúpaí oibre, lena n-áirítear OIML (Eagraíocht Idirnáisiúnta um Méadreolaíocht Dhlíthiúil), CEN, Eurachem, UKIAFT (Cumann Tocsaineolaithe Fóiréinseacha na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann) agus EMCDDA (an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí). Leanadh le hobair na gcoistí seo ar bhonn fíorúil agus i láthair go pearsanta. (Aguisín 1)

## Soláthar Tomhaltáin don Gharda Síochána

Soláthraíonn an Biúró tomhaltáin don Gharda Síochána chun forfheidhmiú na reachtaíochta um Thrácht ar Bhóithre maidir le tiomáint faoi thionchar meisciúil a éascú. Tá soláthar na dtomhaltán sin bunaithe ar éileamh agus bíonn an Biúró i dteagmháil go dlúth le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Póilíniú Bóithre a dhéanann maoirseacht ar gach iarratas ar stoc agus ar ghléasanna athsholáthair.

## Teicneolaíocht Faisnéise

Leanann an Biúró de bheith ag brath go mór ar a chórais TF le haghaidh na n-oibríochtaí agus na bhfeidhmeanna go léir.
Le bliain anuas, leagamar béim shuntasach ar chibearshlándáil. Chun cabhrú lenár gcosaintí a neartú, rinne tríú páirtí neamhspleách bréagionsaí tástála ar líonra seachtrach. Insamhladh sa tástáil seo ionsaithe seachtracha ar ár líonra, atá cosanta ag ballaí dóiteáin ardleibhéil den chéad ghlúin eile. Rinneadh athbhreithniú ansin ar shonraí a bailíodh le linn tástála agus cuireadh aon athruithe riachtanacha i bhfeidhm. Tá clár oiliúna cibearshlándála tugtha isteach againn freisin.

Ceanglaítear ar gach ball foirne reatha agus baill foirne nua oiliúint éigeantach feasachta cibearshlándála a dhéanamh. Tá athstruchtúrú ar an bhfeidhm TF ar siúl. Áirítear leis an atheagrú seo oibríochtaí lárnacha TF agus príomhdhualgais a athailíniú, chomh maith le struchtúir agus tacaíochtaí bainistíochta a bharrfheabhsú. Leanann an fhoireann TF de thacaíocht riachtanach a chur ar fáil ó lá go lá don fhoireann agus de bhonneagar TF substaintiúil an Bhiúró a bhainistiú.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le húsáid bhogearraí Tableau a fhorbairt agus a leabú chun sonraí a asbhaint agus chun príomhshonraí gnó a léirshamhlú. Chuir an fhorbairt seo ar chumas anailís níos éifeachtaí agus níos léargasaí a dhéanamh, rud a ligeann don fhoireann cinntí a dhéanamh atá bunaithe ar shonraí le cruinneas agus le luas níos fearr. Tá

comhtháthú na mbogearraí Tableau le déanaí ina phríomhuirlis anois inár straitéis sonraí, rud a chuireann lenár gcumas treochtaí agus patrúin atá ríthábhachtach d'oibríochtaí an Bhiúró a léirshamhlú.


## SAMPLAÍ A FUARTHAS SA TSAOTHARLANN LE HAGHAIDH ANAILÍSE

Sa bhliain 2023, fuarthas líon iomlán de 5,464 sampla fola agus fuail le haghaidh tástáil alcóil agus/nó drugaí.


Díobh sin, chuaigh 3,873 ar aghaidh go Tocsaineolaíocht le haghaidh tuilleadh seiceála le haghaidh drugaí.
Rinneadh tástáil Evidenzers ar anáil 3,734 tiománaí i stáisiúin an Gharda.
Ó na samplaí go léir a fuarthas, fual a bhí i 17% díobh agus fuil a bhí i 83% díobh.

**Tábla 1: Líon Iomlán na Samplaí a Fuarthas laistigh de Chláir**


| Clár | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Alcól san Fhuil & san Fhual (leathanach 19)** | 5,464 | 5,622 | 5,862 | 5,967 |
| **Tocsaineolaíocht san Fhuil & san Fhual (leathanach 31)** | 3,873 | 3,793 | 4,321 | 4,489 |
| **Tástáil Fhianaiseach Anála (leathanach 22)** | 3,734 | 3,821 | 3,157 | 3,278 |



**Fíor 1:** Samplaí Fola & Fuail faighte ag Stáisiúin na nGardaí de réir Contaetha





**Fíor 2:** Samplaí Fola & Fuail - Contae cónaithe tiománaithe 2023




**Fíor 3:** Sampla Fola & Fuail - Tiománaithe ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann 2023

Ba é Doire, Tuaisceart Éireann an contae/tír chónaithe is forleithne a chuir tiománaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar fáil. D’fhéadfadh sé seo a bheith mar gheall ar a ghaireacht do theorann chontae Dhún na nGall agus ba iad Stáisiúin an Gharda i nDún na nGall ag a raibh an 5ú líon is airde de Shamplaí Fola agus Fuail a fuarthas in 2023.





**Fíor 4:** Samplaí ó Thiománaithe Athghabhála in 2023


Tá leibhéal an atitimeachais suntasach fós agus 243 tiománaí gafa faoi dhó in 2023.

## Anailís Ama

Is iad na huaireanta is forleithne do thiománaithe a ghlac ábhar meisciúil ná anonn sa tráthnóna isteach sa luathmhaidin.





**Fíor 5:** An tAm a Glacadh an Sampla





**Fíor 6:** Lá na Seachtaine ar ar Soláthraíodh an Sampla

Cuirtear níos mó samplaí fola agus fuail ar fáil ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan ná aon lá eile sa tseachtain. Tógadh an líon is airde samplaí idir 10pm tráthnóna Dé Sathairn agus 4am maidin Dé Domhnaigh. Ba iad na huaireanta ba


ghnóthaí chun samplaí a thógáil ná 12am – 2am ar maidin ar an Domhnach. Mar sin féin, braitear tiománaithe faoi thionchar meisciúil i gcónaí ar gach lá den tseachtain.



**Fíor 7:** Uaireanta Deireadh Seachtaine – An Satharn





**Fíor 8:** Uaireanta Deireadh Seachtaine - An Domhnach




**Fíor 9:** Uaireanta Deireadh Seachtaine – An Luan

## Líon na Samplaí a Cuireadh ar fáil in Ospidéil

Cuireadh 606 sampla ar fáil in ospidéil sa bhliain 2023, is é seo 11% de líon iomlán na samplaí fola agus fuail a fuarthas. Tá sé seo ar chomhchéim le heiseamail a cuireadh ar fáil in ospidéil in 2022.




**Fíor 10:** Achoimre na gcásanna ospidéil in 2023

## Tiománaithe Gan Aithne

In 2023, seoladh sé shampla ar aghaidh chuig an mBiúró le haghaidh anailíse tar éis fuil a ghlacadh ó thiománaithe gan aithne gan urlabhra, i gcomparáid le naoi sampla ó thiománaithe gan aithne gan urlabhra a fuarthas in 2022.

## Anailsís Inscne


Tá an cóimheas idir fir agus mná a gabhadh mar an gcéanna le roinnt blianta anuas.

**Tábla 2: Próifíl Inscne na Samplaí a fuarthas - Fuil & Fual**


| | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| **FIR** | 86% | 85% | 86% | 87% |
| **MNÁ** | 14% | 15% | 14% | 13% |

## Próifíl Aoise

Is ionann próifíl aoise na dtiománaithe atá idir 25 - 34 bliain d'aois a chuireann samplaí fola agus fuail ar fáil agus an céatadán is mó de thiománaithe a gabhadh. Tá 79% d'iomlán na dtiománaithe a gabhadh faoi 45 bliain d'aois. Tá scaipeadh níos cothroime tríd na catagóirí aoise sa ghrúpa baineann ná an grúpa fireann. Trí bliana déag d'aois a bhí an tiománaí ab óige a gabhadh agus 90 bliain d'aois an duine ba shine. Bhí an tiománaí fireann ab óige 13 bliana d'aois agus bhí an tiománaí baineann ab óige 18 mbliana d'aois.





**Fíor 11:** Próifíl Aoise de réir % Inscne in 2023




**Fíor 12:** Próifíl Aoise na bhFear in 2023

As na tiománaithe fireannacha go léir a gabhadh, bhí 80% díobh faoi 45 bliain d'aois (80% in 2022 freisin)




**Fíor 13:** Próifíl Aoise na mBan in 2023

As na tiománaithe baineanna go léir a gabhadh, bhí 68% díobh faoi 45 bliain d'aois (67% in 2022).



# AN CLÁR ALCÓIL: FUIL & FUAL

Is í an Príomh-Anailísí, an tUasal Louise Lawlor, atá i gceannas ar an gclár seo.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir Fola agus Fuail:

- Admháil agus anailís le haghaidh ábhar meisciúil sna samplaí fola agus fuail a cuireadh ar aghaidh go dtí an Biúró
- Deimhniú an dlúis alcóil sna samplaí fola agus fuail
- Eisiúint Teastas Anailíse
- Tástáil ar shamplaí bréagacha
- Sainchabhair curtha ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha alcóil






## Fearais Fola agus Fuail curtha ar fáil

Cuirtear fearais fola agus fuail le chéile go hinmheánach. Ullmhaítear buidéil fola agus fuail le haghaidh bailiú na samplaí le leasaitheach agus antaithéachtach faoi seach sa tsaotharlann. Tá gach rud san fhearas a theastaíonn chun samplaí fola agus fuail a sholáthar go fóiréinseach faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre. Áirítear i ngach fearas na foirmeacha agus na séalaí a léiríonn má sháraítear é a úsáidtear chun slabhra coimeádta ceart an tsampla a áirithiú ón bpointe soláthair i stáisiún an Gharda nó in ospidéal go dtí go bhfaigheann an Anailísí é sa tsaotharlann.

Sa ráithe dheireanach de 2023, d'eisigh an Biúró potaí fuail in ionad crúiscíní chun samplaí fuail a bhailiú. Tá buntáistí éagsúla ag na potaí thar na crúiscíní.
Is táirge atá le ceannach i siopa iad na potaí lena n-éilítear níos lú ama ullmhúcháin, úsáideann siad níos lú plaistigh agus tá stiall teochta breise acu chun samplaí fuail mala fide a laghdú.




Léiríonn líon agus cóimheas na bhfearas fola agus fuail a eisíodh na samplaí a fuarthas.

**Tábla 3: Fearais Ullmhaithe & Eisithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre**

| | Fearais Ullmhaithe agus Eisithe | | |
|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2021 |
| FEARAIS FOLA | 5,200 | 5,200 | 6,400 |
| FEARAIS FUAIL | 1,932 | 2,200 | 1,500 |
| CRÚISCÍNÍ | 1,879 | 2,780 | 1,700 |
| POTAÍ FUAIL | 340 | - | - |

## Anailís Alcóil san Fhuil agus san Fhual

Baintear úsáid as Crómatagrafaíocht Gháis Idirspáis le Brath Ianúchán lasrach (HSGC-FID) le hanailís a dhéanamh ar shamplaí Fola agus Fuail. Déanann beirt eolaithe éagsúla anailís ar gach sampla faoi dhó ar a laghad agus úsáid á baint acu as dhá chóras HSGC-FID éagsúil. Is gá go mbeadh torthaí na n-anailísí deimhnithe sula n-eiseofar Teastas Anailíse.

Fuarthas líon iomlán de 5,464 sampla fola agus fuail le haghaidh anailíse le linn 2023. Cuireadh 30 sampla ar ceal agus níor eisíodh teastas anailíse tiúchana alcóil ina leith ar chúiseanna lena n-áirítear: sampla téachta, sampla nár séalaíodh, sampla nach raibh leordhóthanach le haghaidh anailíse, sampla a fuarthas faoi Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994.

## Meánleibhéal Tuairiscithe Alcóil san Fhuil agus san Fhual


Ba é 153mg/100ml an meánleibhéal alcóil san fhuil agus ba é 196mg/100ml an meánleibhéal alcóil san fhual le haghaidh na bliana 2023, gan na samplaí nach raibh aon alcól iontu san áireamh.

## Uasleibhéal Tuairiscithe Alcóil san Fhuil agus san Fhual


Ba é 439mg/100ml an leibhéal alcóil ab airde san fhuil agus ba é 533mg/100ml an leibhéal alcóil ab airde san fhual.

## Samplaí na Tiúchana Alcóil Ísle san Fhuil agus san Fhual

Ní raibh aon alcól i 57% de na samplaí fola agus fuail in 2023.




**Fíor 14:** Leibhéil Deimhnithe Alcóil Fola Dearfacha 2023 in aghaidh 2022




**Fíor 15:** Leibhéil Deimhnithe Alcóil Fuail Dearfacha 2023 in aghaidh 2022

Comhfhreagraíonn na leibhéil a luaitear ar Chairt 14 & 15 do na leibhéil phionóis grádaithe agus do thiúchan níos airde.

Nach mbíonn teacht ag an mBiúró ar shonraí rangúcháin tiománaithe nuair a fhaigheann siad samplaí le cur faoi thástáil, i.e. Tiománaithe a bhfuil Ceadúnas Iomlán acu i gcoinne Tiománaithe Sonraithe (Tiománaithe Gairmiúla, Foghlaimeoirí agus Tosaitheoirí) sa chás go bhfuil laghdú tagtha ar na teorainneacha dlí.

# AN CLÁR ALCÓIL: ANÁIL

Is í an Príomh-Anailísí, an tUasal Louise Lawlor, atá i gceannas ar an gclár seo. San áireamh sa chuid um thástáil anála alcóil in 2023 bhí na cláir um réamhthástáil anála, um thástáil fhianaiseach anála agus um thástáil eitlíochta anála.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir Alcól san Anáil:

- Trealamh a cheadú, a sholáthar agus a thástáil a thugann le fios má bhíonn alcól le brath san anáil (gléasanna réamhthástála anála ar thaobh an bhóthair)
- Trealamh a cheadú, a sholáthar agus a thástáil le dlús an alcóil a mheas san anáil (uirlisí um thástáil fhianaiseach anála)
- Measúnú agus faomhadh Gléasanna Comhghlasála Adhainte Alcóil (AIID) le húsáid in Éirinn
- Sainchabhair curtha ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair.
- Cúrsaí oiliúna a chur ar fáil d'Oibritheoirí EvidenzerIRL agus do Mhaoirseoirí.
- Cúrsaí Oiliúint don Oiliúnóir a chur ar fáil don ghléas um Fheidhmiúchán Dräger Alcotest 7510
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha fianaiseacha alcóil san anáil.
- Is é faomhadh, soláthar agus tástáil an fhearais a léiríonn go bhfuil alcól ann agus an tiúchan alcóil san anáil le húsáid ag an Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA).
- Cúrsaí oiliúna a sholáthar d'Oibríocht an aonaid Dräger Alcotest 8610.






**Gléas Dräger Alcotest 7510**

## Tástáil Alcóil Anála Eitlíochta



Is bunchloch na sábháilteachta eitlíochta in Éirinn na hiarrachtaí comhoibríocha idir an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Údarás Eitlíochta na hÉireann trí Mheabhrán Tuisceana. Tá an Biúró agus an IAA araon tar éis a dtiomantas a dhaingniú chun éifeachtacht na tástála anála i suíomhanna Eitlíochta a áirithiú. Faoin gcomhaontú seo, glacann an Biúró freagracht as aonad Dräger Alcotest 8610 do scéim tástála anála an IAA a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil go dian. Bunaíodh an chomhpháirtíocht seo den chéad uair in 2021, athdhearbhaíodh í trí athnuachan a dhéanamh ar an gComhaontú in 2023, agus leagann sí béim ar an tiomantas roinnte chun na caighdeáin is airde sábháilteachta eitlíochta a sheasamh.

Faoi láthair, tá ceithre aonad Dräger Alcotest 8610 fós ag feidhmiú laistigh de scéim tástála anála an IAA, agus é ag obair mar cheann de na huirlisí chun sláine aerthaistil a chosaint.

Déantar tástáil agus calabrú ar na gléasanna seo ar bhonn débhliantúil, i gcomhréir le sceidil comhaontaithe arna mbunú leis an IAA. Tá na nósanna imeachta calabrúcháin seo, arna seoladh go modhúil ag an mBiúró, creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) faoi chaighdeán ISO 17025. Leagann an creidiúnú seo béim ar na bearta dearbhaithe cáilíochta a úsáidtear chun cruinneas agus feidhmiúlacht cheart na ngléasanna tástála anála a áirithiú. Trí thús áite a thabhairt do chruinneas, d'iontaofacht agus do chloí le caighdeáin idirnáisiúnta, tá an chomhpháirtíocht chomhoibríoch seo seasmhach ina misean chun cabhrú le rioscaí a mhaolú agus sábháilteacht agus folláine na n-aerphaisinéirí agus na mball foirne go léir a chur chun cinn.

## Gléas Comhghlasála Adhainte Alcóil (AIID) – Measúnú agus Faomhadh

Is uirlis ríthábhachtach iad gléasanna comhghlasála adhainte alcóil, ar a dtugtar comhghlasálacha de ghnáth, san iarracht dhomhanda na contúirtí a bhaineann le tiomáint ar meisce a laghdú. Leis na gléasanna sin, atá suiteáilte i bhfeithiclí, éilítear ar thiománaithe sampla anála a sholáthar sula dtosaíonn siad an t-inneall. Má chláraíonn an sampla anála tiúchan alcóil os cionn teorann réamhshocraithe, fanann an fheithicil teanntaithe, rud a chuireann cosc ar dhaoine aonair tiomáint faoi thionchar. Rinneadh éifeachtúlacht gléasanna comhghlasála adhainte alcóil maidir le srian a chur le teagmhais tiomána ar meisce a dhoiciméadú go forleathan trí thaighde agus trí thástáil.


Tá léirithe go seasta ag staidéir thaighde éifeachtacht na ngléasanna comhghlasála adhainte alcóil chun tionóiscí agus básanna a bhaineann le halcól a laghdú. Go háirithe, léiríodh i staidéar a foilsíodh in American Journal of Public Health gur tharla rátaí i bhfad níos ísle tuairteanna marfacha a raibh baint acu le halcól i ndlínsí a raibh dlíthe éigeantacha comhghlasála adhainte acu i gcomparáid leo siúd nach raibh a leithéid de rialacháin iontu. Léiríonn an fhianaise láidir seo an éifeacht dhíspreagthach a bhíonn ag comhghlasálacha ar iompraíochtaí tiomána lagaithe, rud a chosnaíonn sábháilteacht an phobail.

Bunaítear leis an gcaighdeán Eorpach EN50436 um Chomhghlasálacha Alcóil treoirlínte cuimsitheacha maidir le gléasanna comhghlasála, a chuimsíonn na critéir le haghaidh tástála, suiteála agus úsáide.

### Próiseas Measúnaithe agus Formheasa

Tá an Biúró freagrach as gléasanna comhghlasála adhainte alcóil a fhormheas agus a thástáil i gcomhréir le Gníomh 119 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030.

Is féidir an Bealach Formheasta Cineál Comhghlasála a chatagóiriú i gceithre chéim:




### Céim 1: Iarratas Ceadaithe

I mí Iúil 2023, d’eisigh an MBRS cuireadh foirmiúil do mhonaróirí agus soláthraithe AIID a gcuid gléasanna a chur isteach lena measúnú. Foilsíodh an glao ar aighneachtaí seo tríd an suíomh gréasáin R-thairiscintí, rud a d’éascaigh rannpháirtíocht fhorleathan ó gheallsealbhóirí an tionscail – tagairt UCDOPP5355.

### Céim 2: Tástáil Gléis MBRS

Is éard atá i gceist leis an bpróiseas measúnaithe ná athbhreithniú críochnúil ar iarratais a chuireann monaróirí isteach, a chuimsíonn doiciméadú cuimsitheach agus tuarascálacha tástála.

### Céim 3:  Athbhreithniú ar na Tuarascálacha Tástála

Trí úsáid a bhaint as an gCaighdeán Eorpach EN50436 mar thagarmharc, déanann an MBRS dianthástáil chun feidhmíocht agus comhlíonadh na ngléasanna comhghlasála a chuirtear isteach a mheas. Tá dhá phríomhchuspóir leis an bpróiseas measúnaithe: comhlíonadh chaighdeán EN50436 a chinntiú agus feidhmíocht an ghléis a mheas le linn tástála MBRS.

### Céim 4:  Cuir le Liosta Formheasta

Cuireadh roinnt gléasanna isteach in 2023 agus cuireadh tús le tástáil. Foilseofar gléasanna formheasta ar shuíomh gréasáin MBRS. Léiríonn measúnú agus formheas leanúnach na ngléasanna comhghlasála adhainte alcóil tiomantas na hÉireann chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus cásanna tiomána lagaithe a chosc.

## Tástáil Alcóil san Anáil ar Thaobh an Bhóthair




Baineann tástáil anála alcóil ar thaobh an bhóthair le húsáid anailísí anála alcóil, ar gléas é a bhraitheann an méid alcóil atá in anáil duine.
Is gléas iniompartha é an t-anáileadán is féidir le baill AGS a iompar agus a úsáidtear ag seicphointí ar thaobh an bhóthair chun tiománaithe a thást
Nuair a dhéanann tiománaí easanálú isteach sa ghléas, tomhaiseann sé agus ar léamh láithreacht alcóil san anáil.
Má tá an leibhéal alcóil san anáil thar an teorainn dhlíthiúil, léireoidh an gléas TE
Má tá an leibhéal alcóil san anáil faoin teorainn dhlíthiúil, léireoidh an gléas PAS. Ús ghléas scagtha a léiríonn láithreacht alcóil san anáil.

Déanann an Biúró na gléasanna Dräger Alcotest 7510 a chalabrú agus a thástáil gach 6 mhí. In 2023, rinneadh 2,589 calabrú san iomlán ar ghléasanna tástála anála Dräger Alcotest 7510. Áirithíonn an tástáil cruinneas agus feidhmiú ceart na ngléasanna agus is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) a dhéanann an creidiúnú faoi chaighdeán ISO 17025.




Reáchtálann an clár córas babhtála te, déantar gléasanna a chuirtear ar ais chuig an mBiúró le haghaidh tástála agus calabraithe a mhalartú le haghaidh gléasanna a calabraíodh le déanaí, rud a íoslaghdaíonn iamh-agaí. Tá 1,400 gléas ar fáil don Gharda Síochána le haghaidh úsáide oibriúcháin.


## Tástáil Fhianaiseach Alcóil san Anáil

Úsáidtear uirlis um thástáil fhianaiseach anála chun anáil tiománaí a anailísiú agus chun tiúchan alcóil san anáil (BrAC) a chinneadh. Is iad na haonaid tomhais ná µg/100mL. Déantar an anailís trí mhéid alcóil sa sampla anála a thug an tiománaí a thomhais isteach san uirlis.

Tá uirlisí um thástáil fhianaiseach anála cruinn, iontaofa agus baintear úsáid astu ar fud an domhain in forfheidhmiú um thrácht ar bhóithre.
Ceann de na buntáistí a bhaineann le huirlisí tástáil fhianaiseach anála ná go bhfuil siad neamhionrach murab ionann agus teicníochtaí eile amhail tástálacha fola agus fuail. Ní mór don tiománaí dhá shampla análaithe a chur isteach san uirlis agus cuirtear torthaí fíor-ama ar fáil.

Thug an Biúró tacaíocht do 87 uirlis EvidenzerIRL agus rinneadh cothabháil orthu i stáisiúin an Gharda ar fud na hÉireann in 2023. Féach ar an léarscáil thíos chun neas-suíomhanna a fheiceáil.


Londonderry
Derry
Ballymena
NORTHERN
IRELAND
Belfast
Omagh
Lisburn
Enniskillen
Dundalk
Westport
Ireland
Kinsale
Dingle


Swords
Malahide
Dunboyne
Portmarnock
Coolock
Lucan
Clondalkin
Dublin Bay
Blackrock

## Uirlisí Tástála EBT i Stáisiúin na nGardaí



In 2023, lean an Biúró ar aghaidh lena thiomantas seasta maidir le cruinneas agus feidhmiú ceart na tástála alcóil anála a dhéantar laistigh de stáisiúin an Gharda Síochána a choinneáil trí thástáil mhionsonraithe ar ionstraimí EvidenzerIRL. Dhá uair sa bhliain, déanann eolaithe an Bhiúró tástáil chuimsitheach ar gach uirlis EvidenzerIRL atá suiteáilte i stáisiúin an Gharda Síochána, a chuimsíonn tástálacha líneachta, cruinnis agus atriallachta (beachtais).

Cinntíonn an tástáil seo cruinneas agus feidhmiú ceart an ionstraimithe EvidenzerIRL agus tá an tástáil creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) faoi chaighdeán ISO 75025. Rinneadh na tástálacha seo ar an láthair 197 uair in 2023 (200 uair in 2022). Gné ríthábhachtach is ea an tástáil seo le cáilíocht thorthaí na tástála alcóil san anáil a chinntiú d’fhonn na fianaise.

## Oiliúint

Lean clár oiliúna EvidenzerIRL de ról lárnach a bheith aige in 2023 maidir le heolas riachtanach agus scileanna riachtanacha a thabhairt don Gharda Síochána chun alcól a bhrath agus chun na dlíthe a bhaineann leis a fhorfheidhmiú. Chuimsigh curaclam an chúrsa meascán cuimsitheach de theoiric eolaíoch ar alcól agus ar a éifeachtaí ar an gcorp, reachtaíocht um thrácht ar bhóithre, agus oiliúint phraiticiúil i bhfeidhmiú ionstraimí um thástáil fhianaiseach anála.


Reáchtáladh seacht gcúrsa EvidenzerIRL i rith na bliana lena n-áiríodh oiliúint chuimsitheach d'Oibreoirí agus do Mhaoirseoirí. Reáchtáladh na cúrsaí go léir ar an láthair ag Campas COBÁC i gcomhar le Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána, agus bhí formáid chomhdhlúite ach cuimsitheach i struchtúr cúrsaí EvidenzerIRL. Mhair an cúrsa d’Oibreoirí 1.5 lá, agus seisiún leathlae breise curtha leis chun oiliúint a chur ar Mhaoirseoirí. Bhí dianscrúduithe praiticiúla agus teoiriciúla mar bhuaic ar an dá chúrsa, rud a chinntigh inniúlacht bhaill an Gharda Síochána i nósanna imeachta um bhrath alcóil.

Sa bhliain 2023, chuaigh 133 ball den Gharda Síochána san iomlán faoi oiliúint trí na cúrsaí EvidenzerIRL, rud a léirigh filleadh suntasach ar ghníomhaíochtaí oiliúna tar éis na fionraíochta sealadaí le linn na paindéime.



## Staitisticí Alcóil Anála

Baineann na staitisticí le haghaidh alcóil anála leis an tréimhse 1 Iúil 2022 go 30 Meitheamh 2023. Bailítear sonraí um Thástáil Fhianaiseach Anála ó gach uirlis aonair ar bhonn sé mhí agus tiomsaítear iad sa tsaotharlann.




**Fíor 16:** Leibhéil Alcóil Dheimhnithe 2023 – Anáil

## Anailís ar Alcól san Anáil

Ríomhadh na staitisticí don tuarascáil bhliantúil seo ó thástálacha fianaiseacha anála ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023, tugadh thart ar 3,734 tiománaí go Stáisiúin an Gharda agus sholáthair siad samplaí anála le haghaidh anailíse alcóil. I gcás thart ar 2.9% de na cásanna seo, thug EvidenzerIRL cúis ar leith chun solais nach bhféadfaí teastas Alt 13 a chur ar fáil, mar shampla, cosaintí ar nós Alcól Béil nó Difríocht Anála. I gcás thart ar 13.5% de thiománaithe, theip orthu nó dhiúltaigh siad samplaí anála a thabhairt. Cuireadh 84% de shamplaí anála ar an iomlán i gcrích go héifeachtach agus eisíodh teastas Alt 13.

As na tiománaithe ar fad a thug samplaí anála go héifeachtach, cláraíodh toradh alcóil a bhí os cionn a náid i gcás 95% díobh.


## Leibhéal Airmheánach agus Uasleibhéal Alcóil san Anáil

Gan samplaí anála a d'fhill toradh nialasach alcóil a áireamh, b'ionann an meánleibhéal alcóil san anáil agus 47µg/100ml.


Ba é 157µg/100ml an t-uasleibhéal alcóil san anáil.

## Anailís Ama

Cuireadh 39% de shamplaí anála ar fáil idir meán oíche agus 4am. Is iad laethanta an deireadh seachtaine isteach go maidin ar an Luan an tréimhse is mó ionadaíochta do sholáthar sampla anála.




**Fíor 17:** An tAm a Soláthraíodh an Sampla Anála 2023




**Fíor 18:** An Lá a Soláthraíodh an Sampla Anála 2023


## Inscne i Samplaí Thástáil Fhianaiseach Anála

Tá líon na dtiománaithe fireanna a theastaíonn chun sampla anála a sholáthar i bhfad níos mó ná líon na dtiománaithe baineanna, bhí an cóimheas fireann le baineann thart ar 6:1, d'fhan an phróifíl inscne cosúil le blianta roimhe seo, 84.5% fireann agus 15.5% baineann.

**Tábla 4: Próifíl Inscne na Samplaí Anála a cuireadh ar fáil in 2023**

| | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| **FIR** | 84.5% | 85% | 85% | 85% | 86% |
| **MNÁ** | 15.5% | 15% | 15% | 15% | 14% |

## Próifíl Aoise i Samplaí Thástáil Fhianaiseach Anála




**Fíor 19:** Próifíl Aoise Tiománaithe Fireanna agus Baineanna 2023 – Anáil

Is sa chatagóir 35-44 bliain d'aois is mó a chuireann leis an líon tiománaithe a gabhadh a sholáthraíonn sampla anála.
Ba é an tiománaí ab óige a thug sampla anála 16 bliana d'aois agus ba é an duine ba shine a thug sampla anála 83 bliain d'aois.
Ba é 39 bliain d'aois an aois mheánach. Thug fiche tiománaí faoi 18 mbliana d'aois sampla anála in 2023.

# CLÁR TOCSAINEOLAÍOCHTA

Is é an Príomhanailísí, Dr Richard Maguire, atá i gceannas ar an gclár seo. Ba iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir seo sa bhliain 2023:

- Anailís a dhéanamh ar shamplaí fola agus fuail le druga nó drugaí a bhrath agus/nó dlús druga a dheimhniú.
- Eisiúint Teastas Anailíse má bhíonn druga nó drugaí i láthair agus/nó sa chás go ndeimhnítear dlús na ndrugaí.
- Gléasanna Réamhthástála Drugaí (leacht béil) a chur ar fáil/ a chothabháil agus rialú cáilíochta ar thomhaltáin.
- Anailís ar leacht béil le haghaidh an rialaithe cháilíochta.
- Modhanna nua a fhorbairt don tástáil drugaí agus feabhas a chur ar mhodhanna a bhí ann cheana.
- Sainchabhair a chur ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair agus don Gharda Síochána.
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha tocsaineolaíochta.
- Taighde ar dhrugaí atá mar chúis lagaithe ag tiománaithe.

## Réamhthástáil Drugaí (PDT) ar Thaobh an Bhóthair/Stáisiúnbhunaithe


Ba í 2023 an chéad bhliain iomlán a raibh an tástáil sreabhán béil Securetec DrugWipe 6s (DW6s) i bhfeidhm.  Is féidir leis an anailíseoir seo cannabas, cócaon, codlaidínigh agus beinsidhé-asaipíní a bhrath sa leacht béil. In 2023, eisíodh 30,000 caiséad DW6S don Gharda Síochána. Rinne an Biúró bainistiú freisin ar rialú cáilíochta tástála na gcaiséad DW6s a fuarthas le linn 2023 lena áirithiú gur bhain siad amach na riachtanais teicniúla. Is éard a bhí i gceist leis seo ná Crómatagrafaíocht Gháis a úsáid le Mais-Speictriméadracht sraithe (GC-MS-MS) le haghaidh Cannabais agus Crómatagrafaíocht Leachtach a úsáid le tástálacha creidiúnaithe Mais-Speictriméadrachta sraithe (LC-MS-MS) chun feidhmíocht gach baisce a ceannaíodh a fhíorú.




**Securetec DrugWipe 6S**

### Tástáil agus Leitheadúlacht maidir le Leacht Béil 2023

Sa chás go mbailítear sampla den leacht béil ó thiománaí le tástáil a dhéanamh air, agus go mbíonn toradh dearfach aige maidir le druga amháin nó le drugaí, iarrann an Biúró go gcuirfeadh an Garda Síochána “Foirm Fhaisnéise Drugaí” isteach ar a léirítear torthaí na tástála.



**DRUG INFORMATION FORM**

To be returned to Medical Bureau of Road Safety with specimen taken under the Road Traffic Act.

**(1) Driver's Name:** ______________________________

**(2) Was Preliminary Drug Testing carried out?** YES ☐ NO ☐

*Please indicate positive results by ticking the relevant boxes below. Do not tick drugs if negative / not tested.*

Cannabis ☐ Cocaine ☐ Benzodiazepine ☐

Opiate ☐ Amphetamines / Methamphetamines ☐

If Alcohol Evidential Breath Testing was carried out in the Garda Station include a copy of the Section 13 printout

**Foirm Fhaisnéise Drugaí**

Cumasaíonn an fhoirm fhaisnéise drugaí comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht na tástála maidir le leacht béil agus tástáil saotharlainne. Sa bhliain 2023, tugadh 2,033 sampla (1,606 in 2022) a raibh 'Foirm Fhaisnéise Drugaí' leo ag tabhairt le fios go ndearnadh Réamhthástáil Druga ar an leacht béil. As na tástálacha seo ar fad, cuireadh toradh dearfach drugaí in iúl i 2,031 díobh (1,603 in 2022) le haghaidh druga amháin ar a laghad ar féidir leis an DW6S iad a bhrath. As na cásanna dearfacha in 2023, tá leitheadúlacht na ndrugaí a bhraith an DW6S léirithe i dtábla 5. Ba í 2023 an chéad bhliain d'úsáid iomlán gléas tástála sreabhán béil Securetec Drug Wipe 6S ag an nGarda Síochána ar thaobh an bhóthair. Roimh mhí na Nollag 2022, baineadh úsáid as Tástáil Drugaí Draeger 5000 le haghaidh tástála ar thaobh an bhóthair.

**Tábla 5: Leitheadúlacht na ndrugaí a bhraith an Securetec DrugWipe 6S (DW6S)**


| Grúpa Drugaí | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cannabas** | 53% | 66% | 69% | 67% | 66% |
| **Cócaon** | 58% | 48% | 45% | 46% | 43% |
| **Codlaidínigh** | 7% | 6% | 6% | 8% | 8% |
| **Beinsidhé-asaipíní** | 9% | 5% | 5% | 5% | 4% |
| **Amfataimíní** | 7% | 3% | n/a | n/a | n/a |

Leitheadúlacht deimhneacha drugaí a tuairiscíodh ar foirmeacha faisnéise don DW6S 2023. Tugadh isteach tástáil amfataimín in 2022.

## Tástáil Saotharlainne

### Achoimre an tSampla Fola agus Fuail

Rinneadh anailís ar 3,873 sampla maidir le láithreacht druga nó drugaí, agus is ionann é sin agus méadú 2.1% ar líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu in 2022. Taispeántar thíos (Fíor 20) na huimhreacha a ndearnadh anailís orthu sa tocsaineolaíocht idir 2015 agus 2023.




**Fíor 20: Líon na Samplaí Tocsaineolaíochta a ndearnadh Scagadh orthu le haghaidh drugaí (2015 – 2023)**

Bhí gá le hanailís tocsaineolaíochta i gcás 70.9% (67.5% in 2022) de na samplaí ar fad a fuarthas. Is é an polasaí ó thús 2020 ná gach sampla a thástáil le haghaidh drugaí ina bhfuil an toradh alcóil faoi 100mg/100ml san fhuil nó an 135mg/100ml san fhual, agus leanadh leis sin in 2023.


Bhí 28 sampla (14 in 2022) os cionn na tiúchana alcóil sin, ar iarr an Garda Síochána go sonrach go ndéanfaí tástáil le haghaidh drugaí orthu. Seoladh 8 (11 in 2022) sampla diúltacha um Thástáil Fhianaiseach Anála chuig an mBiúró le tástáil le haghaidh drugaí a dhéanamh orthu.

Thug na bearta a tugadh isteach san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 an chumhacht do na Gardaí sampla fola a ghlacadh sna cásanna a raibh drugaí tugtha le fios sa réamhthástáil an leachta béil nó i dtástáil lagaithe. Dá thoradh air seo, tháinig athrú ar an gcóimheas de chineál sampla i dtreo fola in áit fuail agus ba í fuil 91% (89% in 2022) de na samplaí a ndearnadh anailís orthu le haghaidh tocsaineolaíochta agus ba é fual 9.0% díobh (11% in 2022).


Rinneadh scagthástáil tosaigh do channabas, cócaon, codlaidínigh (m.sh., moirfín, cóidín), beinsidhé-asaipíní, amfataimíní (m.sh., amfataimín, meitiolamfataimín, MDA, MDMA) agus frith-hiostaimíní (défheinhiodraimín) ag baint úsáid as Crómatagrafaíocht Leachta le Mais-Speictriméadracht (LC-MS-MS).

As na 3,873 sampla a ndearnadh tástáil orthu in 2023 (3,793 in 2022), aimsíodh go raibh 2,764 díobh dearfach le haghaidh aicme druga amháin ar a laghad ar réamhthástáil saotharlainne drugaí. Bhí 1,109 díobh diúltach maidir leis na drugaí ar dhírigh an Biúró orthu ag na tairseacha a bhíonn in úsáid ag an mBiúró. B'ionann an figiúr dearfach drugaí seo agus 71.4% de na samplaí Tocsaineolaíochta (75% in 2022) agus 50.6% de na samplaí go léir a fuarthas sa Bhiúró (50% in 2022).


Léirítear i bhFíor 20 leitheadúlacht na ndrugaí a braitheadh sna samplaí fola agus fuail go léir. Mar a bhí sna blianta atá caite, ba é an cannabas an druga ba choitianta. Tá an cócaon ar an dara druga is coitianta. Léirítear leitheadúlacht leanúnach na húsáide ildrugaí i bhfíor 21 agus léirítear leitheadúlacht na ndrugaí i bhfíor 23.



**Fíor 21: Scagthástáil ar Leitheadúlacht Drugaí 2023**





**Fíor 22: Scagthástáil ar Dhrugaí - Líon na n-aicmí a braitheadh in aghaidh an tsampla 2023**




**Fíor 23: Scagthástáil ar Dhrugaí – Leitheadúlacht na Meascán sa chás gur braitheadh dhá dhruga in aghaidh an tsampla 2023 (Cann: Cannabas, Cóc: Cócaon, Beinsidhé: Beinsidhé-asaipín, Codlaid: Codlaidíneach, Amf: Amfataimín, Meit: Meitiolamfataimín)**

Ó thaobh na próifíle inscne de, ba fhir iad 88.9% agus ba mhná iad 9.7%, (níor luadh inscne i 1.4% cás) bunaithe ar shonraí dearfacha scagtha atá cosúil leis an miondealú a rinneadh sa bhliain 2022 (ba fhir iad 86.8%, ba mhná iad 12.9%, níor luadh inscne i 0.3% cás).

Léirítear próifíl aoise na samplaí dearfacha thíos agus 89% ≤ 44 bliain d’aois agus níos óige agus 65% faoi bhun 34 bliain d’aois.




**Fíor 24: % Líon Iomlán a Scagthástáladh Dearfach de réir Aoise 2023**

## Anailís Deimhnithe

Chomh luath agus a bhraitear sampla dearfach ag an tástáil scagthástála tosaigh, déantar deimhniú trí úsáid a bhaint as GC-MS-MS le haghaidh Cannabais agus LC-MS-MS le haghaidh gach druga eile. In 2023, níorbh fhéidir líon beag samplaí a dheimhniú mar gheall ar theorainneacha toirte samplaí.

Mar gheall ar an méadú suntasach ar líon na samplaí a fuarthas le haghaidh tástála drugaí ó 2017, rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas maidir leis na drugaí go léir a braitheadh ag an scagthástáil a dheimhniú faoi réir méid na samplaí. Sa bhliain 2021, tháinig athrú ar an mbeartas dá bharr sin inar cuireadh an sampla ar aghaidh chuig modh tástála deimhnithe amháin. Cuireadh é seo i bhfeidhm maidir le samplaí a fuarthas tar éis an 1 Iúil 2021 agus d'fhan sé i bhfeidhm le linn 2023. Sonraítear dáileadh na dtástálacha deimhnithe ó 2019 go 2023 i dtábla 6 thíos.

**Tábla 6: Tástáil dheimhnitheach do na drugaí/aicmí éagsúla (Cuireadh tús le tástáil Tramadól agus Défheinhiodraimín in 2023)**

| Grúpa Drugaí | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cannabas** | 1539 | 1,949 | 2,353 | 2,606 | 1,747 |
| **Beinsidhé-asaipíní** | 102 | 101 | 369 | 535 | 475 |
| **Cócaon** | 895 | 889 | 1,239 | 1,494 | 852 |
| **Codlaidínigh** | 177 | 214 | 313 | 453 | 308 |
| **Amfataimín/Meitiolamfataimín** | 97 | 54 | 107 | 193 | 157 |
| **Tramadól** | 18 | n/a | n/a | n/a | n/a |
| **Défheinhiodraimín** | 3 | n/a | n/a | n/a | n/a |
| **Iomlán** | 2831 | 3,213 | 4,388 | 5,281 | 3,539 |

## Teorainneacha dlíthiúla

Tugadh leibhéil *per se* isteach san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 (a achtaíodh i mí Aibreáin 2017) le haghaidh an Channabais, an Chócaoin agus an Hearóin san fhuil iomlán (féach tábla 7).

**Tábla 7: *Leibhéil* Per se**

| Druga | Teorainn dhlíthiúil |
|---|---|
| **$\Delta^9$-Teitrihidreacannaibionól (Cannabas)** | 1ng/ml |
| **11-nor-9-carboxy-$\Delta^9$-teitrihidreacannaibionól (Cannabas)** | 5ng/ml |
| **Cócaon** | 10ng/ml |
| **Beansóileacgainín (Cócaon)** | 50ng/ml |
| **6-aicéitiolmoirfín (Hearóin)** | 5ng/ml |

## Leibhéil Druga Meánach *Per Se*

Ba é meánleibhéal $\Delta^9$-Teitrihidreacannaibionól (Cannabas) ná 6.3ng/ml in 2023 (6.2ng/ml in 2022).

Ba é leibhéal 11-nor-9-carboxy-$\Delta^9$-teitrihidreacannaibionól (Cannabas) ná 58.2ng/ml (65ng/ml in 2022).

Ba é meánleibhéal Cócaoin ná 60.5ng/ml in 2023 (34.1ng/ml in 2022).

Ba é leibhéal Beansóileacgainín ná 1032.9ng/ml (604.6ng/ml in 2022).

Baintear neamhchinnteacht tomhais ón bhfigiúr anailíseach amh don tuairisciú. Tá na meáin a chuirtear i láthair anseo bunaithe ar figiúirí anailíseacha amha.

Tá na hAnailítí a ndírítear orthu sa thástáil Drugaí liostaithe i dtábla 8.



**Tábla 8: Anailítí a ndírítear orthu in anailís scagthástála LC-MS-MS**

| # | ANAILÍT | Aicme/ Cineál |
|---|---|---|
| 1 | 6-Aicéitiolmoirfín | Ópóideach |
| 2 | 7-Aminoclonazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 3 | 7-Aminoflunitrazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 4 | 7-Aminonitrazepam‡ | Beinsidhé-asaipíní |
| 5 | Adinazolamum | Beinsidhé-asaipíní |
| 6 | Alfa-Hiodrocsalprasólam | Beinsidhé-asaipíní |
| 7 | Alfa-Pyrrolidinopentiophenone | Cáitíonón |
| 8 | Alprasólam | Beinsidhé-asaipíní |
| 9 | AM-2201 | Cannaibionóideach |
| 10 | Beansóileacgainín | Cócaon |
| 11 | Beansóilpipioraisín | Cáitíonón |
| 12 | Brómaiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 13 | Clóirdhé-asapocsaíd | Beinsidhé-asaipíní |
| 14 | Clóbasam | Beinsidhé-asaipíní |
| 15 | Clónaiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 16 | Cocaethylene | Cócaon |
| 17 | Cócaon | Cócaon |
| 18 | Cóidín | Ópóideach |
| 19 | Desalkylflurazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 20 | Deamocsapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 21 | Déiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 22 | Déhidreacóidín | Ópóideach |
| 23 | Défheinhiodraimín | Frith-hiostaimín |
| 24 | EDDP | Meatadón |
| 25 | Estasólam | Beinsidhé-asaipíní |
| 26 | Etizolamum | Beinsidhé-asaipíní |
| 27 | Feanfluraimín | Amfataimín |
| 28 | Feantanail | Ópóideach |
| 29 | Flualprazolam | Beinsidhé-asaipíní |
| 30 | Flubromazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 31 | Flubromazolam | Beinsidhé-asaipíní |
| 32 | Fluinítriseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 33 | Flúocseitín | Frithdhúlagrán |
| 34 | Fluraiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 35 | Gabaipéintin | Fritrithíoch |
| 36 | HU-210 | Cannaibionóideach |
| 37 | Hydrocodonum | Ópóideach |
| 38 | JWH-018 | Cannaibionóideach |

| # | ANAILÍT | Aicme/ Cineál |
|---|---|---|
| 39 | Céataimín | Ainéistéiseach Dícheangail |
| 40 | Lóraiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 41 | Meitiol-lóraiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 42 | Meitiléindé-ocsamfataimín | Amfataimín |
| 43 | Methylenedioxyethylamphetamine | Amfataimín |
| 44 | Methylenedioxymethylamphetamine | Meitiolamfataimín |
| 45 | Meitiléindé-ocsaipireavailéarón | Cáitíonón |
| 46 | Meipiridín | Cáitíonón |
| 47 | Meifeadrón (4-MMC) | Cáitíonón |
| 48 | Meatadón | Meatadón |
| 49 | Meitilfeanadáit | Cáitíonón |
| 50 | Meadaiseolam | Beinsidhé-asaipíní |
| 51 | Moirfín | Ópóideach |
| 52 | N-Desmethylflunitrazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 53 | N-Desmethylzopiclone | Z-druga |
| 54 | Níotraiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 55 | Nordiazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 56 | Nor-feantanail | Ópóideach |
| 57 | Nor-céataimín | Ainéistéiseach Dícheangail |
| 58 | Normeperidine | Cáitíonón |
| 59 | O-desmethyltramadol | Ópóideach |
| 60 | Ocsaiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 61 | Ocsacódón | Ópóideach |
| 62 | Ocsamorfón | Ópóideach |
| 63 | Phenazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 64 | Praiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 65 | Réamhghabalain | Fritrithíoch |
| 66 | S-Amfataimín | Amfataimín |
| 67 | S-Meitiolamfataimín | Meitiolamfataimín |
| 68 | Teamaiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 69 | Trifluoromethylphenylpiperazine | Cáitíonón |
| 70 | THC | Cannaibionóideach |
| 71 | THCA | Cannaibionóideach |
| 72 | Tramadól | Ópóideach |
| 73 | Trísólam | Beinsidhé-asaipíní |
| 74 | Zaleplonum | Z-druga |
| 75 | Sóilpidéim | Z-druga |
| 76 | Soipioclón | Z-druga |
| 77 | Soipioclón-*N*-Ocsaíd | Z-druga |

## Dearbhú Cáilíochta

Tá Córas Bainistíochta Cáilíochta bunaithe ag an mBiúró atá lárnach d'obair an Bhiúró agus atá creidiúnaithe go caighdeán ISO/IEC 17025 (2017) (Riachtanais ghinearálta maidir le cumas na saotharlann tástála agus calabraithe). Rinne INAB (Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú) measúnú ar an mBiúró faoi dhó in 2023. Sa ráithe dheireanach de 2022, rinneadh iarratas chuig an INAB chun Raon Feidhme Creidiúnaithe an Bhiúró a leathnú chun an Securetec DrugWipe 6S (DW6S) a chur leis a tháinig in ionad Anailíseoir DT5000 mar an gléas réamh-scagthástála drugaí a úsáideann an Garda Síochána ar thaobh an bhóthair. Rinne INAB measúnú ar an leathnú raon feidhme seo i mí Eanáir 2023.

Tharla cuairt bhliantúil faireachais an Bhiúró i mí an Mhárta 2023 chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh raon feidhme reatha an Bhiúró agus ar iarratas ar Raon Feidhme Creidiúnaithe Solúbtha chun an teorainn braite a laghdú, sa Mhodh Scagthástála Drugaí, de THCA (11-nor-9-carboxy-Δ9-tetrahydrocannabinol) i bhfual.

Tar éis mheasúnuithe INAB, faomhadh an leathnú agus na hiarratais ar raon feidhme solúbtha araon, agus choinnigh an Biúró a Raon Feidhme do na tástálacha seo a leanas:

- Anailís Alcóil san Fhuil agus san Fhual
- Tástáil Fhianaiseach Anála
- Réamhthástáil Anála
- Réamhthástáil Drugaí
- Tástáil Drugaí i Leacht an Bhéil
- Réamh-Scagthástáil Saotharlainne Drugaí
- Deimhniú cannabais i bhFuil agus i bhFual
- Deimhniú beinsidhé-asaipín i bhFuil agus i bhFual
- Deimhniú ildrugaí i bhFuil agus i bhFual
- Deimhniú Cáilíochtúil Drugaí i bhFuil agus i bhFual
-

Tá na sonraí ar fad maidir le Scóip an Chreidiúnaithe ar fáil ag:
https://www.inab.ie/inab-directory/laboratory-accreditation/testing-laboratories/

## Tástáil Inniúlachta

Le linn na bliana 2023, lean an Biúró lena rannpháirtíocht sna scéimeanna um thástáil Inniúlachta atá leagtha amach i dTábla 9 agus ghlac sé páirt i scéim phíolótach um Rialú Pípéad arna reáchtáil ag LabQuality. Thairg an scéim seo seiceáil feidhmíochta idirmheánach ar phípéid idir eatraimh chalabrúcháin agus measúnú feidhmíochta duine aonair in aghaidh luach tomhais tagartha.

Bhí feidhmíocht thar gach scéim inghlactha.

**Tábla 9: Cláir Tástála Inniúlachta**

| Clár | Soláthraí | Scéim | Líon na Samplaí | Anailítí |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| ***Saotharlann Ghinearálta*** | Labquality | Rialú Pípéad | 2 shampla | n/a |
| ***Tocsaineolaíocht*** | CAP | Drugaí Mí-úsáide i Lánfhuil agus i bhFual | 8 sampla sa bhliain | Amfataimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | Labquality | Drugaí Mí-úsáide i bhFual | 6 shampla sa bhliain | Amfataimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Drugaí Mí-úsáide i bhFual | 12 sampla sa bhliain | Tá níos mó ná 210 anailít ar fáil lena n-áirítear Amfataimíní & Spreagthaigh.<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach<br>Codlaidínigh, Créitínín, pH, Sainmheáchan |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Tocsaineolaíocht | 8 sampla sa bhliain | Amfataimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Drugaí i Sreabhán Béil | 12 sampla sa bhliain | Amfataimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Tocsaineolaíocht – Beinsidhé-asaipíní | 8 sampla sa bhliain | Déiseapam, Nordiazepam, Teamaiseapam, Ocsaiseapam, Níotraiseapam |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Tocsaineolaíocht – Z – Drugaí | 8 sampla sa bhliain | Soipioclón, Zaleplon, Sóilpidéim |
| ***Alcól i bhFuil agus i bhFhual*** | Labquality | Fuil | 8 sampla sa bhliain | Alcól |
| | Labquality | Cainníochtúil Fuail | 4 shampla sa bhliain | pH, Créitínín, Úiré & Sainmheáchan |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Tocs - Fuil & Tocs - Fual | 24 sampla sa bhliain | Alcól |
| ***Tástáil Fhianaiseach Anála*** | CTS, Inc. | 568 Anailís ar Thuaslagán Ionsamhlóra Alcól Anála | 2 thuaslagán sa bhliain | Alcól |

## Faisnéis Airgeadais

Tagann airgead an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ó Dheontas Bliantúil ón Roinn Iompair. Ba é €6,290,000 an leithdháileadh deontais iomlán don Bhiúró le haghaidh 2023.

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Bunaíodh Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi Ordú an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (bunú), 1968. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 - 2016 agus ina rialacháin. Tá an Bord freagrach don Aire Iompair agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseach a dhéanamh ar gach buncheist gnó. Is iad an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir rialta laethúil an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Caithfidh an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta an treoir straitéiseach leathan atá leagtha amach ag an mBord a leanúint agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon riosca suntasach a d’fhéadfadh tarlú. Is idirghabháil dhíreach é an Stiúrthóir idir an Bord agus bainistíocht an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

### Comhaltaí Boird

Tá cúig chomhalta (lena n-áirítear an Stiúrthóir) i mBord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ceaptar an Bord ag an Aire Iompair.

| COMHALTAÍ BOIRD | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Post** | **Taifead Tinrimh** |
| **An Dr. Declan Bedford** | Cathaoirleach | 4 de 4 |
| **An tOllamh Denis Cusack** | Comhalta Boird agus Stiúrthóir | 4 de 4 |
| **An tOllamh Patricia Fitzpatrick** | Comhalta Boird | 4 de 4 |
| **An t-Uasal Sean Quigley** | Ball Boird | 4 de 4 |
| **An tUasal Joan O’Brien** | Ball Boird | 4 de 4 |

### Ballraíocht agus Cruinnithe Biúró

Le linn 2023, bhí ceithre chruinniú ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Reáchtáladh na cruinnithe sin ar an 9 Márta, an 22 Bealtaine, an 28 Meán Fómhair agus an 7 Nollaig 2023.

## Sceideal na dTáillí agus na gCostas Comhiomlán a íocadh le Stiúrthóirí le linn 2023

Le linn 2023, íocadh na táillí seo a leanas:

| TÁILLÍ BOIRD ÍOCTHA | | | |
|---|---|---|---|
| **Ball Boird** | **Cineál Táille** | Íoctha 2023 | Íoctha 2022 |
| **An Dr. Declan Bedford** | Táille le haghaidh Cathaoirligh an Bhoird Comhlachta Stáit<br>Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit | €8,978<br>- | €8,974<br>- |
| **An tUasal Joan O'Brien** | Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit | €5,985 | €5,982 |
| **An tUasal Sean Quigley** | Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit | €5,985 | €5,983 |
| **An tOllamh Patricia Fitzpatrick** | Gan Aon Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit | - | - |

## An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir le cúraimí dá chuid a bhaineann le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus le dearbhú bainteach. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmeálta i scríbhinn ar bhonn bliantúil. Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca: An t-Uasal Seán Quigley, Cathaoirleach, an Dr. Declan Bedford agus Joan O'Brien Uas. Bhí 4 chruinniú ag an CIR sa bhliain 2023.

Tá Tuarascáil Bhliantúil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca le bheith críochnaithe go luath in 2024 agus foilseofar í ar shuíomh gréasáin an MBRS.

## Coiste Maoirseachta Rialachais

Is é ról an Choiste Maoirseachta Rialachais tacaíocht a thabhairt don Bhord freastal ar cheanglais dlíthiúla agus reachtúla, chomh maith le dea-chleachtas a ghlacadh. Is Ionadaithe iad comhaltaí an choiste seo ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an t-Oifigeach Sinsearach Riaracháin agus an t-Oifigeach Riaracháin ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste Maoirseachta Rialachais sa bhliain 2023.

## Comhlíonadh

Ghlac an Bord le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Rinneadh Comhaontú Maoirseachta leis an Roinn Iompair agus bhí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre go hiomlán comhlíontach leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit le haghaidh 2023.

## Nochtadh

Éilíonn Alt 22 d'Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 go bhFoilseofar Tuarascáil Bhliantúil gach bliain maidir le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin agus bearta ar bith a rinneadh mar fhreagra a thabhairt ar na nochtuithe sin. De bhun an cheanglais seo, deimhníonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre nach bhfuarthas aon nochtuithe cosanta de réir forálacha an Achta um Nochtuithe Cosanta, 2014 ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

## Ceanglais Reachtúla

Deimhníonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre gur chloígh sé lena cheanglais reachtúla le linn 2023.

## Eitic in Oifigí Poiblí

Ní raibh aon leasanna ag comhaltaí an Bhoird a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2023 chun críocha na n-Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

## Iniúchadh Airgeadais Seachtrach

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóireacht bhliantúil na Ráiteas Airgeadais 2022 le linn 2023. Níor tarraingíodh aon cheist shuntasach anuas le linn na hiniúchóireachta. Déanfar iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais don bhliain 2023 in 2024.

## Iniúchadh Inmheánach

Is gné ríthábhachtach é feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí chun an Bord a chur ar an eolas faoi éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Oibríonn an t-iniúchóir inmheánach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ullmhaíodh tuarascáil ar an Iniúchadh Inmheánach i dtaca le 2023.

## Soláthar

Is é córas tairiscintí iomaíocha an gnáthpholasaí a baineadh úsáid as ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre sa phróiseas soláthair. Deimhníonn sé gur chomhlíon sé le linn 2023 na nósanna imeachta soláthair agus Treoracha cuí ón AE mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

## Pleanáil Straitéiseach

Chuir an Biúró a Phlean Straitéiseach Bliantúil le haghaidh 2024 le chéile chomh maith lena Phlean Straitéiseach Cúig Bhliain ó 2024 go 2028 agus cuireadh an dá phlean ar aghaidh chuig an Aire. Leag an Plean príomhchuspóirí an Bhiúró amach sa bhliain seo chugainn agus sna blianta atá amach romhainn i gcomhar lena phríomhbhearta chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

## Íocaíocht Cuntais go Tráthúil

Glacann an Bord go bhfuil sé freagrach as comhlíonadh a chinntiú maidir leis an Acht Prapíocaíocht Cuntas. De réir chomhaontaithe leis an gColáiste Ollscoile, Bhaile Átha Cliath, íoctar soláthraithe ar an gcéad dul síos ag an gColáiste agus ansin aisíoctar é ag an mBiúró.

Is é polasaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú go n-íoctar gach sonrasc gan mhoill. Ní mór don Choláiste Ollscoile, Bhaile Átha Cliath, mar chomhlacht earnála poiblí, cloí le ceanglais an Achta maidir le híocaíochtaí le soláthraithe le haghaidh soláthair earraí agus seirbhísí agus mar sin, tá nósanna imeachta diana i bhfeidhm.

I gcás líon beag soláthraithe, eiseoidh an Biúró íocaíocht i bhfoirm seic díreach don soláthraí. Leis na rialuithe atá ann maidir le sonraisc, le nótaí creidmheasa agus lena bheith ag plé le hagóidí soláthraí, is féidir leo dearbhú réasúnta amháin a sholáthair agus ní dearbhú absalóideach in aghaidh ábhair nach bhfuil neamh-chomhlíonadh leis an Acht.

## Cód Caiteachais Phoiblí

Thosaigh an cód caiteachais phoiblí i mí Mheán Fómhair 2013 agus rinne sé treoracha, treoirlínte agus ciorcláin roimhe seo a uasdátú maidir le breithmheas caipitil agus luach ar airgead.

Tá an cód caiteachais phoiblí leagtha amach lean chinntiú go bhfaigheann an Stát an luach is fearr le haghaidh na n-acmhainní a bhfuil teacht acu orthu. Baineann an cód le caiteachas caipitil agus reatha agus leagann sé amach a bhfuil de dhíth ó bhainisteoirí seirbhíse poiblí ag pointí éagsúla na saolré caiteachais ar nós breithmheas a thabhairt, pleanáil, formheas, athmhachnamh agus athbhreithniú a dhéanamh.

Tuigeann an Bord a fhreagracht maidir leis an gCód Caiteachais Poiblí agus deimhníonn an Bord gur chomhlíon sé an cód sa bhliain 2023.

## Finné Gairmiúil

Tá an réimse forfheidhmithe tráchta agus sábháilteachta ar bhóithre agus go háirithe tiomáint faoi thionchar ábhar meisciúil, alcóil agus drugaí, ar cheann de na réimsí is mó dlíthíochta i réimse an dlí choiriúil in Éirinn. Soláthraíonn an Biúró sainfhinnéithe i gcásanna os comhair na gcúirteanna. Bhí 3 thinreamh cúirte ag baill foirne an Bhiúró sa bhliain 2023.

Cuireadh tuarascálacha agus tuairimí ar fáil do pháirtithe Cosanta chomh maith le páirtithe ionchúisimh chun cúnamh a thabhairt don Chúirt i roinnt cásanna eile.

## Dearbhú Bliantúil Rialaithe

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, ní mór don Bhiúró athbhreithniú foirmiúil bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht a chórais rialaithe inmheánaigh. Thug Foireann Bainistíochta Sinsearaí an Bhiúró dearbhú don Bhord agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go raibh a rialuithe sonraithe i bhfeidhm go héifeachtach sa Bhiúró don tréimhse tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023 agus gur oibríodh iad laistigh den chlár riosca agus den chreat rialaithe. Nuair a cuireadh aon laige, athrú nó moladh i bhfeidhm, rinneadh é a dhoiciméadú.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do mheas a thabhairt ar chomhionannas inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú ar mhaithe lena fhostaithe, pháirtithe leasmhara, ghníomhaireachtaí seachtracha agus leis an bpobal, agus ghlac an Lia-Bhiúró leis na Beartais agus Nósanna Imeachta de chuid UCD i dtaca leis seo.

**AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE**

**RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE**

**AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023**

| | | 31/12/2023 | 31/12/2022 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | **Nóta** | **€** | **€** |
| Deontais Oireachtais | **5** | 6,700,000 | 6,290,000 |
| Ioncam táille ghairmiúil | | 2,706 | 4,242 |
| **Ioncam Iomlán** | | 6,702,706 | 6,294,242 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Tuarastail agus ranníocaíochtaí pinsin | **15** | 3,685,474 | 3,213,579 |
| Luach saothair na gcomhaltaí boird | **16** | 20,948 | 20,939 |
| Costais dhíreacha a bhaineann le soláthar seirbhíse | **6a** | 1,216,954 | 997,538 |
| Soláthairtí oifige agus saotharlainne | **6b** | 720,820 | 817,633 |
| Costais riaracháin | **6c** | 885,563 | 854,917 |
| Dímheas | **7** | 890,441 | 793,774 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 7,420,200 | 6,698,380 |
| **Easnamh don bhliain roimh leithreasaí** | | (717,494) | (404,138) |
| **Aistriú ó chuntas caipitil** | **8** | 598,648 | 183,166 |
| **Easnamh don bhliain i ndiaidh leithreasuithe** | | (118,846) | (220,972) |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail an 1 Eanáir | | 781,471 | 1,002,443 |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2023 | | 662,625 | 781,471 |

Tá gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain san áireamh sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

## Scóip na Freagrachta

Is mise, Dochtúir, Admhaíonn Declan Bedford, Cathaoirleach an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, freagracht an Bhoird go gcloítear le agus go bhfeidhmítear córas rialaithe inmheánach éifeachtach. Cuireann an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach le riosca a bhainistiú le go mbíonn sé ar leibhéal inghlactha in áit é a bhaint ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta a chur ar fáil agus ní dearbhú absalóideach go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus go bhfuil siad taifeadta i gceart. agus go bhfuil botúin nó neamhrialtachtaí ábhair coiscthe nó aimsithe go pras.

Tá an córas um rialú inmheánach ag teacht le treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus bhí sé i bhfeidhm sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Cumas chun Déileáil le Riosca

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus tá triúr comhaltaí Boird air. Bhuail an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca le chéile faoi cheathair sa bhliain 2023.

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus a chomhlíonann an clár oibre a comhaontaíodh leis an CIR. Tá feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí curtha amach ar conradh chuig cuideachta sheachtrach.

Tá polasaí um bainistiú riosca forbartha ag an CIR ina léirítear a inghlacthacht riosca, na próisis atá i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú agus tugann sé eolas faoi róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca. Tá an polasaí eisithe do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de pholasaithe na bainistíochta riosca de chuid an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, chun airdeall a chur ar an mbainistíocht maidir le rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh a réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a oiread agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus aithníodh, measadh agus grádaíodh iad seo de réir a dtábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a uasdátú ag an CIR agus ag an mBord ar bhonn bliantúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal inghlactha.

Tá sonraí ar an gclár riosca faoi na rialuithe agus gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus leis an bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá leagtha ar bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas:

- tá taifead déanta ar gach nós imeachta i dtaca le príomhphróisis ghnó,
- tá cúraimí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta chomh maith leis an bhfreagracht a ghabhann leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm agus tá buiséad bliantúil ann ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú.
- tá córais i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoimeádtar na córais faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide slán.
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialaithe ann maidir le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha a chinntíonn go bhfuil rialú dóthanach ann ar fhaomhadh deontas agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe lena chinntiú go mbíonn deontais á maoiniú ar an gcúis atá luaite leo.

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus tá easnaimh rialaithe curtha in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, gan mhoill. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú.
- tá socruithe tuairiscithe i bhfeidhm ag gach leibhéal ag a bhfuil cúram na bainistíochta airgeadais sannta, agus
- déantar athbhreithniú rialta ag ardbhainistíocht ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht in aghaidh búiséid/réamhaisnéisí.

### Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú go mbíonn na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh agus gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre na nósanna imeachta sin le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023.

### Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a bhainistíocht riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Cuirtear bonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach tríd an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an ardbhainistíocht laistigh den Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach as an bhforbairt agus as caomhnú chreat an rialaithe inmheánach airgeadais.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach don bhliain 2023 ar an 28 Márta 2024.

### Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aimsíodh aon laigí sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2023 a bhfuil nochtadh sna ráitis airgeadais ag teastáil ina leith.

### Comhlíonadh Cánach

Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do dhlíthe an chánachais a chomhlíonadh agus chomhlíon sé na dlíthe sin le linn 2023.

### Sáruithe Rialaithe

Níor aimsíodh aon sáruithe ar rialú i dtaca leis an mbliain 2023 a bhfuil nochtadh sna ráitis airgeadais ag teastáil ina leith.

### Caillteanais nó Calaoisí Ábhartha

Níor aimsíodh aon chaillteanais ábhartha nó aon chalaoisí ábhartha i dtaca leis an mbliain 2023 a bhfuil nochtadh sna ráitis airgeadais ag teastáil ina leith.

Thar ceann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre:

**An Dr. Declan Bedford**

**Cathaoirleach**

## Saoráil Faisnéise

I rith 2023 fuair an Biúró iarratas amháin a láimhseáladh trí chonair riaracháin laistigh den chatagóir iarrthóra "Eile".

## Soláthar Foirne

Lean an Biúró le linn 2023 de bheith ag oibriú laistigh dá líon foirne ceadaithe tarmligthe faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta. Leanadh ar aghaidh leis an bpróiseas earcaíochta don fhoireann bhreise le linn 2023 go príomha mar gheall ar cheadú na bpost nua a tugadh ar aghaidh ó 2022. Thosaigh roinnt ball foirne eolaíochta agus teicniúil nua sna saotharlanna.

Tá próiseas treoshuímh ag an mBiúró do bhaill foirne nua a chuidíonn leo oiriúnú d'obair i saotharlann fhóiréinseach agus an t-aistriú sin a dhéanamh chomh héasca agus is féidir. Tarlaíonn go leor den fhoghlaim do bhaill foirne nua le linn na tréimhse seo. Tá an Biúró tiomanta freisin do chinntiú go bhfuil forbairt ghairmiúil ar fáil dá fhoireann go léir trí oiliúint ábhartha ar líne, as an láthair agus go pearsanta (Aguisín 1).


Is gné leanúnach í oiliúint a chur ar bhaill foirne nua agus seanbhunaithe agus cuimsíonn sí oiliúint i dteicnící eolaíochta, scileanna TF, Sláinte agus Sábháilteacht agus scileanna Boga.

Tá sé thar a bheith tábhachtach don Bhiúró tacú le folláine na foirne go léir agus baineann sé leas as clár Cúnamh Fostaíochta COBÁC, agus as an iliomad áiseanna agus tairiscintí a chuirtear ar fáil ar champas COBÁC.

Leanann foireann an Bhiúró de bheith rannpháirteach go gníomhach agus de bheith ag cur le cruinnithe eolaíocha Náisiúnta agus Idirnáisiúnta. Óstáladh Líonra Tocsaineolaíochta na hÉireann (IFTOX) sa Bhiúró in 2023 agus thug sé le chéile eolaithe ó shaotharlanna i dTuaisceart agus i nDeisceart na hÉireann.

# An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

## Cairt Eagraíochta



# AGUISÍN 1

## Comhdhálacha agus Cruinnithe ar fhreastail an Stiúrthóir orthu in 2023

| Comhdháil | Suíomh | Dáta |
|---|---|---|
| Comhdháil Bhliantúil Dhámh na Míochaine Fóiréinsí & Dlíthiúla | RA | 12 agus 13 Bealtaine 2023 |
| Cur i láthair ag 53ú Comhdháil Krsek na Míochaine Fóiréinsí | An tSlóvaic | 28-30 Bealtaine 2023 |
| Caint leis an Tionól Saoránach ar Úsáid Drugaí, Coiste Oireachtais Bhaile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | 30 Meán Fómhair 2023 |
| Cur i láthair ag Máistir-rang Lá Traenála ar Thrácht ar Bhóithre ag Dámh na Míochaine Fóiréinsí & Dlíthiúla | RA | 3 Deireadh Fómhair 2023 |
| Comhdháil Bhliantúil Fhóiréinseach Chumann Cróinéirí na hÉireann | Béal an Átha | 13-14 Deireadh Fómhair 2023 |
| Cur i láthair ag Céad Chomhdháil Idirnáisiúnta na nEolaíochtaí Fóiréinseacha | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 30 Deireadh Fómhair - 1 Samhain 2023 |

| Cruinnithe | Suíomh | Dáta |
|---|---|---|
| Cruinniú Chumann Dlí-Liachta | Baile Átha Cliath | 26 Eanáir 2023 |
| Cruinniú Fíorúil den Phainéal Comhairleach Míochaine ar Alcól, Drugaí agus Tiomáint | RA | 22 Márta 2023 |
| Cur i láthair ag 28ú Cruinniú Idirnáisiúnta na Míochaine Fóiréinsí | An Iodáil | 7-9 Meán Fómhair 2023 |
| Caint le Comhchoiste an Oireachtais ar Iompar | Baile Átha Cliath | 27 Meán Fómhair 2023 |
| Cur i láthair ag Cruinniú den Phainéal Comhairleach Míochaine ar Alcól, Drugaí agus Tiomáint, An Roinn Iompair, RA | RA | 18 Deireadh Fómhair 2023 |
| Cruinniú Chumann Dlí-Liachta | Baile Átha Cliath | 30 Samhain 2023 |

## Cúrsaí, Comhdhálacha agus Cruinnithe ar fhreastail Foireann MBRS orthu in 2023

| Comhdháil | Suíomh | Dáta |
|---|---|---|
| An Comhlachas Idirnáisiúnta um Thástáil Cheimiceach (IACT) 2023 | SAM | 16-21 Aibreán 2023 |
| Cumann Mais-speictriméadrachta na hÉireann (IMSS) 2023 | Baile Átha Cliath, Éire | 10 Bealtaine 2023 |
| Cumann Idirnáisiúnta na dTocsaineolaithe Fóiréinseacha (TIAFT) 2023 | An Róimh, An Iodáil | 27-31 Lúnasa 2023 |
| Siompóisiam Comhghlasála Alcóil | An Iorua | 17-19 Meán Fómhair 2023 |
| Cumann Bithcheimiceoirí Cliniciúla in Éirinn 45ú Comhdháil Bhliantúil | Béal an Átha | 13-14 Deireadh Fómhair 2023 |
| Comhdháil Chumann na dTocsaineolaithe Fóiréinseacha 2023 | SAM | 29 Deireadh Fómhair - 4 Samhain 2023 |

| Seimineáir, Seimineáir Ghréasáin agus Ceardlanna | Suíomh | Dáta |
|---|---|---|
| Coiste Stiúrtha Fuinnimh na Roinne Iompair | SAM | 16-21 Aibreán 2023 |
| Comhdháil Chomhlachas Idirnáisiúnta um Thástáil Cheimiceach (IACT) | Baile Átha Cliath, Éire | 10 Bealtaine 2023 |
| Ceardlann Eurachem ar Thástáil Inniúlachta sa Cheimic Anailíseach | RA | 25 Meán Fómhair 2023 |
| Siompóisiam Oifig na Náisiún Aontaithe ar Dhrugaí agus ar Choireacht (UNODC). | Ar líne | 11 Deireadh Fómhair 2023 |
| Conas Cultúr Sonraí a Thiomáint laistigh den Earnáil Phoiblí | Ar líne | 28 Deireadh Fómhair 2023 |

| Cruinnithe | Suíomh | Dáta |
|---|---|---|
| Cruinniú Tocsaineolaíochta Fóiréinsí | MBRS | 12 Deireadh Fómhair 2023 |
| Cumann Tocsaineolaithe Fóiréinseacha na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann (UKIAFT) | Ar líne | 25 Bealtaine 2023 |
| Cruinniú Ghrúpa Úsáideoirí Perkin Elmer 2023 | RA | 27 Meán Fómhair 2023 |
| Cruinniú Saineolaithe Teicniúla ar Ópóidigh Shintéiseacha | Ar líne | 27 Meán Fómhair 2023 |

| Cúrsaí | |
|---|---|
| MSc. Staidéar Bainistíochta | Oiliúint Sábháilteachta Gáis |
| MSc. (Taighde) | Oiliúint Maoirseora Dóiteáin ISO 17025 Oiliúint Iniúchóra Inmheánaigh |
| Dioplóma i Staidéar Bainistíochta | Oiliúint PAT Oiliúint Nautilus |
| Teastas i mBainistiú Saoráidí | Staidéir Bailíochtaithe Modhanna a Phleanáil agus a Mheas |
| Cúrsa Alcóil Borkenstein | Staidreamh CSTAR le SPSS |
| Bailíochtú Anailíseach Modha | Ról an Oifigigh um Chosaint Sonraí |
| Oiliúint GC-FID HS ar an láthair | Rialachas Corparáideach do Chomhlachtaí Stáit agus san Earnáil Phoiblí |
| Oiliúint GC-MS | Athbhreithnithe Tréimhsiúla Criticiúla do Chomhlachtaí Stáit neamhthráchtála |
| Léamh Speictreach GC-MS | Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit |
| Forbairt Modha HPLC | Cultúr, Eitic agus Rialachas do Chomhlachtaí san Earnáil Phoiblí |
| Oibreoir HPLC | Oiliúint do Chomhaltaí an Choiste Iniúchóireachta |
| Oiliúint Sábháilteachta Saotharlainne | Ioncam Feabhsaithe Tuairiscithe |

D’fhreastail foireann MBRS freisin ar raon cúrsaí oiliúna agus imeachtaí a cuireadh ar fáil faoi Chlár Forbartha Daoine COBÁC sna réimsí seo a leanas:

- Sláinte agus Sábháilteacht
- TF
- Forbairt Ghairmiúil

## ÍDIÚ FUINNIMH

Faoi ghealltanas an Rialtais maidir le feabhas 33% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh poiblí, chláraigh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an gcóras ar líne de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus is tríd an gcóras sin a bhíonn sé ag cur a chuid tuairiscí ar fáil. Gás agus leictreachas an dá fhoinse fuinnimh is mó a bhíonn in úsáid ag an mBiúró. Tá siad riachtanach le saotharlann fhóiréinseach agus saoráidí coimhdeacha a oibriú, mar shampla teas agus soilse, trealamh saotharlainne, láimhseáil aeir, ríomhairí agus freastalaithe.

Bíonn tionscnaimh ar siúl ag an mBiúró chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Baintear úsáid as Córas Bainistíochta Foirgneamh le monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar theas, aonaid láimhseála aeir, coire uisce (soláthar díreach uisce te) agus feananna eastarraingthe. Bíonn gach ceann de na ceithre urlár in áitreabh an Bhiúró á bhainistiú ar bhonn indibhidiúil agus bíonn rialuithe uathoibríocha á sceidealú dá réir. Feistítear bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh, braiteoirí gluaiseachta agus lasca ama ar fud an fhoirgnimh ar fad chun ídiú fuinnimh a íoslaghdú.

## SÉANADH DLÍTHIÚIL

Tá na cuntais agus staitisticí atá sa tuarascáil seo de chineál coimrithe agus eolas ginearálta amháin. Níor chóir brath orthu ina n-aonar chun cearta dlíthiúla ná cinntí eile faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre a dhearbhú. Moltar do léitheoirí agus d'úsáideoirí aon eolas ar mian leo brath air a dhearbhú lena gcomhairleoirí dlí.

**An tOllamh Denis A. Cusack**

**Stiúrthóir.**

**An Dr. Declan Bedford,**

**Cathaoirleach.**